# Aistear na nGael


Eochairfhocail: atmaisféar neamhfhoirmiúil, campa seachtaine, Gaelainn, taitneamhach, comhluadar

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht agus labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén saghas ruda é Aistear na nGael?
2. Cá raibh sé ar siúl i mbliana?
3. Cérbh iad na himeachtaí a heagraíodh do na daoine óga sa choill?
4. Ainmnigh imeacht amháin eile a dhéanfaidh na daoine óga agus iad ar Inis Oírr.
5. Céard é an rud a thaitníonn le Micil Mac Donncha faoi Aistear 2025?
6. Cén áit i nDún na nGall arb as do Hannah Ní Fhríghil?
7. An raibh Seán Ó Mainnín Chorca Dhuibhne ar Inis Oírr cheana?
8. Cén áit a raibh Aistear na nGael ar siúl an chéad uair riamh?
9. Cé hiad na daoine atá tagtha go hAistear na nGael le Muireann Ní Shuibhne ó Ghaeltacht Mhúscraí?
10. Céard iad an dá imeacht eile a luann Ruadhán Ó Flatharta ar féidir le muintir na nGaeltachtaí bualadh le chéile?

Gníomhaíocht Smaointeoireachta:



**Déan taighde ar líne agus críochnaigh logainmneacha na gceantar Gaeltachta seo a leanas. Tugtar an contae ina bhfuil na ceantair seo suite mar leid.**

| | |
|---|---|
| Gaoth D__________ (Dún na nGall) | Rann na F_________ (Dún na nGall) |
| B____ an Fheirtéaraigh (Ciarraí) | C_______ na nOileán (Gaillimh) |
| An C________ Rua (Gaillimh) | An Ri__ (Port Láirge) |
| R_____ Chairn (an Mhí) | I____ Meáin (Gaillimh) |
| An Sp________ (Gaillimh) | Cú______ Aodha (Corcaigh) |
| Béal an M_________ (Maigh Eo) | Tuar M_____ Éadaigh (Maigh Eo) |
| Béal Átha an G___________ (Corcaigh) | C_________ Thaidhg (Maigh Eo) |
| Feot______________(Ciarraí) | Baile na hA________ (Gaillimh) |
| Ros __ M______ (Gaillimh) | Na For_______ (Gaillimh) |
| Go___ an Ch_______ (Dún na nGall) | Gl______ Ch____ Ci_______ (Dún na nGall) |

Idirghníomhaíocht Chainte:

**Tá Aistear na nGael cosúil leis na coláistí Gaeilge a reáchtáltar sna ceantair Ghaeltachta gach samhradh. Ag obair le do pháirtí ranga labhraígí lena chéile faoi bhur dtaithí féin nó taithí cairde libh i gcoláiste samhraidh. Cabhróidh an foclóir seo a leanas libh cur síos a dhéanamh ar an taithí sin.**

- sceitimíneach
- neirbhíseach
- atmaisféar spraíúil agus cairdiúil
- na cinnirí
- chuir mé aithne ar...
- bhí mé an-mhór le ....
- drochaimsir
- an ghrian ag scoilteadh na gcloch
- ag cur sceana gréasaí
- spóirt uisce
- chuaigh mé i dtaithí air
- d'fhoghlaim mé an-chuid Gaeilge
- tháinig feabhas mór ar ....
- i gceartlár na tuaithe
- bhí an radharc tíre go hálainn
- buaicphointe
- fanacht i dteagmháil
- cócaireacht bhlasta
- ba bhreá liom filleadh ar...
- ní rachainn i ngiorracht scread asail don áit go brách



Foghlaim TG4

Freagraí

1. Campa seachtaine d’aos óg na gceantar Gaeltachta difriúil teacht le chéile agus aithne a chur ar a chéile
2. Conamara/Inis Oírr
3. Treodóireacht agus Laser-Tag
4. Siúlóid, spraoi ar an trá
5. Is breá leis go bhfuil daoine ó Ghaeltachtaí difriúla ann
6. Cloich Chionnaola
7. Ní raibh
8. Corca Dhuibhne, Ciarraí
9. Cúpla cailín eile ó Ghaeltacht Mhúscraí
10. Comórtas Peile na Gaeltachta agus an tOireachtas

| | |
|---|---|
| Gaoth Dobhair (Dún na nGall) | Rann na Feirste (Dún na nGall) |
| Baile an Fheirtéaraigh (Ciarraí) | Ceantar na nOileán (Gaillimh) |
| An Cheathrú Rua (Gaillimh) | An Rinn (Port Láirge) |
| Ráth Chairn (an Mhí) | Inis Meáin (Gaillimh) |
| An Spidéal (Gaillimh) | Cúil Aodha (Corcaigh) |
| Béal an Mhuirthead (Maigh Eo) | Tuar Mhic Éadaigh (Maigh Eo) |
| Béal Átha an Ghaorthaidh (Corcaigh) | Ceathrú Thaidhg (Maigh Eo) |
| Feothanach (Ciarraí) | Baile na hAbhann (Gaillimh) |
| Ros an Mhíl (Gaillimh) | Na Forbacha (Gaillimh) |
| Gorta an Choirce (Dún na nGall) | Gleann Cholm Cille (Dún na nGall) |